2014. M88

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
| --- |
| |

| Stampa an Ionaid |
| --- |
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014***

# *Gaeilge Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**

360 MARC

**Dé Luain**
**9 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

| ***Don Scrúdaitheoir*** | |
| --- | --- |
| **CLUASTUISCINT** | |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| ***Don Scrúdaitheoir*** | |
| --- | --- |
| **CEIST** | **MARC** |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| – | – |
| **IOMLÁN (1-5)** | |
| **CT** | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)


Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén post atá ag Deirdre?













**Ceist 1 (b)** Cá bhfuil Deirdre ag obair faoi láthair?

| | |
|---|---|
| An Teampall Mór | |
| Ceatharlach | |
| Cill Chainnigh | |

**Ceist 2 (a)** Cén spórt is fearr le Liam?










**Ceist 2 (b)** Cad a fuair Liam ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath?


| | |
|---|---|
| Airgead | |
| Scoláireacht | |
| Turas thar lear | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?




**Ceist 4** Cá bhfuil Óstán na Páirce? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)

**Tá an bhean anseo**




**Ceist 5 (a)** Conas a bheidh an aimsir amárach?



**Ceist 5 (b)** Cathain a bheidh an cluiche mór peile ar siúl?

| | |
|---|---|
| Maidin amárach | |
| Tráthnóna amárach | |
| Oíche amárach | |

**Ceist 6 (a)** Cathain a bheidh agallamh ag Barra?

| | |
|---|---|
| Maidin Dé hAoine | |
| Maidin inniu | |
| Oíche Dé hAoine | |

**Ceist 6 (b)** Conas a rachaidh Barra go dtí an t-agallamh?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | |
| Ar an traein | |
| Sa charr | |

**Ceist 7 (a)** Cathain a líon Aoife foirm an CAO?

| | |
|---|---|
| Inniu | |
| Seachtain ó shin | |
| Trí lá ó shin | |

**Ceist 7 (b)** Cén rogha atá déanta ag Seosamh?

| | |
|---|---|
| Cúrsa eolaíochta | |
| Cúrsa gnó | |
| Printíseacht mar mheicneoir | |

**Ceist 8 (a)** Conas a chaith Cathal an deireadh seachtaine seo caite?

| | |
|---|---|
| Ag éisteacht le ceol | |
| Ag féachaint ar an teilifís | |
| Ag staidéar | |

**Ceist 8 (b)** Cá mbeidh Cathal Dé Sathairn seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Ag dioscó | |
| Ag comórtas snámha | |
| Ag ceolchoirm | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**

## CUID II: ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).


**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


| | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| **1.** **Comórtas Cispheile** Coláiste Eoin v Scoil Mhuire Inniu 4.30 p.m. | **1** | |
| **2.** **Aire !** Tarracóirí Feirme ar an mbóthar seo | **2** | |
| **3.** Oifig Thaistil Saoire sa Spáinn Praghas Réasúnta | **3** | |
| **4.** **Oíche Cheoil** *An Ceoláras Náisiúnta* 12 Meitheamh 8.00 p.m. | **4** | |
| **5.** **Seachtain na Gaeilge** Céilí Mór Halla na Scoile | **5** | |
| **6.** Club Ríomhaireachta na Scoile Gach Déardaoin Fáilte roimh chách | **6** | |
| **7.** **Stáisiún Heuston** Ionad Tacsaithe | **7** | |
| **8.** **Saotharlann Cheimice** *Caith Spéaclaí Cosanta sa seomra seo i gcónaí* | **8** | |
| **9.** **Leapacha ar Leathphraghas** Sladmhargadh Siopa Troscáin de Búrca | **9** | |
| **10.** **Leabharlann an Chontae** Ar oscailt Luan – Satharn 10.00 -17.30 | **10** | |
























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

**Woodies**

Ollstór Woodies,
An Uaimh,
Co. na Mí.

29 Deireadh Fómhair, 2013.

Máirtín Ó Dúill,
Mullach Mór,
Co. an Chabháin.

A Mháirtín, a chara,

Go raibh maith agat as freastal ar agallamh liom Déardaoin seo caite, 24 Deireadh Fómhair.

Bhain mé an-phléisiúr as a bheith ag caint leat. Ba bhreá liom a chloisteáil go bhfuair tú grád A san Innealtóireacht san Ardteistiméireacht. Freisin, fuair tú grád C sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Tá tú ag obair go sealadach ar fheirm i gCo. Bhaile Átha Cliath ó d'fhág tú an scoil.

Faoi láthair, níl folúntas lánaimseartha san ollstór, ach tá obair pháirtaimseartha againn duit. Má ghlacann tú leis an bpost seo, beidh ort a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine. Beidh cúrsa traenála trí lá le déanamh agat i dtosach. Ina dhiaidh sin, gheobhaidh tú naoi euro in aghaidh na huaire.

Más mian leat a bheith ag obair linn in Woodies, ar na coinníollacha sin, cuir glaoch teileafóin ar an rúnaí san oifig anseo, roimh an Máirt seo chugainn, 5 Samhain, ar a dhéanaí.

Is mise,
Bríd Ní Laoire,
Bainisteoir

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Máirtín ina chónaí?

| | |
|---|---|
| Co. an Chabháin | |
| Co. Bhaile Átha Cliath | |
| Co. na Mí | |

**2.** Cén grád a fuair Máirtín sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**3.** Cén sórt oibre atá ar fáil in Woodies faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Obair lánaimseartha | |
| Obair pháirtaimseartha | |
| Obair shealadach | |


**4.** Cé mhéad a gheobhaidh Máirtín in aghaidh na huaire?

| | |
|---|---|
| €5 | |
| €9 | |
| €13 | |


**5.** Cén post atá ag Bríd Ní Laoire?

| | |
|---|---|
| Bainisteoir | |
| Feirmeoir | |
| Rúnaí | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)



# Aerfort Dhún na nGall




Suite cois trá, ar an gCarraig Fhinn in iarthuaisceart na hÉireann, atá Aerfort Dhún na nGall. Imíonn eitiltí ón aerfort go Baile Átha Cliath agus go Glaschú go rialta.

Cuirtear Fáilte Uí Cheallaigh roimh gach cuairteoir a thagann anseo. Tá bia blasta ar fáil sa bhialann bhreá chompordach san aerfort. Is féidir óstán a chur in áirithe ón aerfort. Is féidir carr a fháil ar cíos ag an aerfort chun taisteal timpeall an cheantair Ghaeltachta thart orainn.

Tá radhairc áille mórthimpeall an cheantair. Tá trá ghainmheach díreach in aice leis an aerfort. Níos faide amach ón gcósta carraigeach, tá cuid mhór oileán, Árainn Mhór agus Gola ina measc. Más mian leat galf a imirt, tá machairí gailf timpeall orainn i measc na ngleannta glasa.

Tá siúlóidí breátha, atá oiriúnach do gach aoisghrúpa, cois cósta. Iad siúd a bhfuil an fuinneamh iontu, is féidir leo dul ag dreapadóireacht, ag seoltóireacht agus ag surfáil. Tá an cultúr beo Gaelach timpeall orainn anseo. Is féidir leis an gcuairteoir an ceol agus an cultúr a bhlaiseadh ar fud an cheantair.

***Tar go hAerfort Dhún na nGall agus lig do scíth linn.***

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit a bhfuil Aerfort Dhún na nGall?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| An Charraig Fhinn | |
| Glaschú | |

**2.** Cad is féidir a fháil ar cíos ag Aerfort Dhún na nGall?

| | |
|---|---|
| Carr | |
| Eitleán | |
| Bia blasta | |

**3.** Cén saghas trá atá díreach in aice leis an aerfort?

| | |
|---|---|
| Trá charraigeach | |
| Trá bheag | |
| Trá ghainmheach | |

**4.** Cad atá i measc na ngleannta glasa?

| | |
|---|---|
| Machairí gailf | |
| Óstáin | |
| Oileáin | |

**5.** Cad atá cois cósta atá oiriúnach do gach aoisghrúpa?

| | |
|---|---|
| Surfáil | |
| Siúlóidí breátha | |
| Seoltóireacht | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## Deartháireacha ar iarraidh i measc na sléibhte

Bhí dianchuardach ar siúl sna sléibhte gar do Chill Airne i gContae Chiarraí aréir. Bhí beirt deartháireacha, Liam agus Pól Ó Sé, ar iarraidh. Chaith a dtuismitheoirí agus a gcuid cairde an lá ar fad ag lorg na ndeartháireacha. Bhí tuairim acu go raibh siad ar strae áit éigin i measc na sléibhte, ach ní raibh a fhios acu cá háit.



Tháinig héileacaptar as Corcaigh agus chuaigh foireann tarrthála sléibhe as Cill Airne go dtí an áit. Faoi dheireadh, timpeall a ceathair a chlog ar maidin, fuarthas na deartháireacha gortaithe, gar do bharr an tsléibhe. Cuireadh cóir leighis orthu ar thaobh an tsléibhe. Faoi láthair, tá an bheirt acu san ospidéal i dTrá Lí.

Chuaigh Liam agus Pól suas go barr an tsléibhe in ionad dul ar scoil maidin inné. Ó bharr an tsléibhe chonaic siad loch thíos fúthu. Shocraigh siad dul síos chun snámh san uisce. Ach sciorr siad agus thit siad cúpla céad méadar. Bhris Liam a chos agus chaill Pól an fón póca. Ní raibh siad ábalta glaoch teileafóin a dhéanamh. Ní raibh siad in ann bogadh. Nuair a d'éirigh sé dorcha, bhí siad i bponc ceart.

Chuala na deartháireacha an fhoireann tarrthála ag glaoch amach i lár na hoíche. Scread siad os ard. Tháinig an fhoireann tarrthála síos chucu. Nuair a bhí sé geal arís, tháinig an héileacaptar ar ais agus tugadh na deartháireacha díreach go dtí an t-ospidéal. Ghabh na tuismitheoirí buíochas le gach duine a chabhraigh leo Liam agus Pól a shábháil.

**Ceisteanna**

**1.** Cén gaol atá ag Liam agus Pól le chéile?

| | |
|---|---|
| Cairde | |
| Deartháireacha | |
| Tuismitheoirí | |

**2.** Cad as ar tháinig an héileacaptar?

| | |
|---|---|
| Trá Lí | |
| Cill Airne | |
| Corcaigh | |

**3.** Cén áit a ndeachaigh Liam agus Pól inné?

| | |
|---|---|
| Go barr an tsléibhe | |
| Ar scoil | |
| Ag snámh | |

**4.** Cad a bhris Liam nuair a thit sé?

| | |
|---|---|
| A chos | |
| An fón póca | |
| A lámh | |

**5.** Cad a chuala na deartháireacha i lár na hoíche?

| | |
|---|---|
| An héileacaptar | |
| An fón | |
| An fhoireann tarrthála | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)




# Réalta Spóirt TG4



Is minic a bhíonn sí le feiceáil ar TG4. Feictear í ar an gclár “Bog Stop” do pháistí bunscoile. Cuireann sí i láthair “Ponc@Na Movies”, clár faoi scannáin, agus féachann a lán déagóirí ar an gclár seo. Ach tá aithne ag gach aoisghrúpa uirthi as a cuid oibre ar an gclár “Rugbaí Beo”. Gan dabht is láithreoir cumasach í Máire Treasa Ní Dhubhghaill. Ach cé hí an Réalta Spóirt seo?

Rugadh agus tógadh Máire Treasa sa Ghaeltacht. Ba as Luimneach dá hathair. D’aistrigh sé go Conamara nuair a phós sé cailín Gaeltachta. Bhí suim mhór ag athair Mháire Treasa sa rugbaí agus ba óna hathair a fuair sí tuiscint ar an rugbaí. Fuair Máire Treasa taithí ar an drámaíocht sa mheánscoil. Chaith sí trí bliana ag traenáil mar mhúinteoir bunscoile sa choláiste i Luimneach. Mhúin sí páistí ar feadh bliana i gContae Shligigh sular thosaigh sí ag obair le TG4.

Caitheann Máire Treasa éadaí faiseanta. Is breá léi a bheith ag caint is ag comhrá ar an teilifís. An imríonn sí rugbaí? Ní imríonn, ach tuigeann sí an cluiche go sármhaith. Déanann sí anailís chliste i gcónaí ar an stíl imeartha rugbaí le linn an chluiche. Ní hionadh go mbíonn daoine ag féachaint ar “Rugbaí Beo” go rialta.

**Ceisteanna**

**1.** Cé a fhéachann ar an gclár “Bog Stop” ar TG4?

| | |
|---|---|
| Páistí bunscoile | |
| Déagóirí | |
| Gach aoisghrúpa | |

**2.** Cár rugadh Máire Treasa?

| | |
|---|---|
| I gContae Shligigh | |
| I Luimneach | |
| Sa Ghaeltacht | |

**3.** Cén áit a bhfuair Máire Treasa taithí ar an drámaíocht?

| | |
|---|---|
| Sa bhunscoil | |
| Sa mheánscoil | |
| Sa choláiste | |

**4.** Cén saghas éadaí a chaitheann Máire Treasa?

________________________________________

**5.** Ar an gclár “Rugbaí Beo” déanann Máire Treasa anailís ...

| | |
|---|---|
| Ar chúrsaí faisin | |
| Ar stíl imeartha rugbaí | |
| Ar stíleanna gruaige | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Talamh Beannaithe Stairiúil

Tá Cruach Phádraig, an sliabh is beannaithe in Éirinn, suite i gContae Mhaigh Eo. Tá Cruach Phádraig chomh cáiliúil le Sliabh Fuji sa tSeapáin nó le Sliabh Sinai san Éigipt. Tagann na sluaite ó chian is ó chóngar go Cruach Phádraig gach bliain.



Téann stair na háite i bhfad siar. Bhailíodh daoine anseo fadó, fadó chun tús an fhómhair a cheiliúradh. Thug na daoine sin ómós don ghrian ó bharr an tsléibhe. Ach nuair a tháinig Naomh Pádraig go dtí an áit, dhreap sé suas an sliabh. Chaith sé daichead lá ag barr an tsléibhe ag guí Dhia na Críostaíochta. Ina dhiaidh sin, glaodh Cruach Phádraig ar an sliabh.

Ar an Domhnach deireanach de mhí Iúil, téann na mílte duine suas go barr an tsléibhe. Bíonn roinnt daoine ag dreapadh cosnochta, gan bhróga gan stocaí. Is traidisiún beo é seo. Tá séipéal beag ag barr an tsléibhe. Tá ionad cuairteoirí ag bun an tsléibhe.

Go minic bíonn sé fliuch ag an mbarr, ach is annamh a thiteann sneachta air. Deirtear go bhfuil líon na gcuairteoirí ag déanamh damáiste do Chruach Phádraig. Tá na cosáin ag éirí dainséarach agus moltar do dhaoine a bheith cúramach ar an sliabh beannaithe seo.

**Ceisteanna**

**1.** Cén áit a bhfuil Cruach Phádraig?

| | |
|---|---|
| Sa tSeapáin | |
| San Éigipt | |
| I gContae Mhaigh Eo | |

**2.** Cén fáth a mbailíodh daoine ar Chruach Phádraig fadó, fadó?

________________________________________________

**3.** Chaith Pádraig daichead lá ag barr an tsléibhe. Bhí sé ...

| | |
|---|---|
| Ag guí | |
| Ag glaoch amach | |
| Ag sú na gréine | |

**4.** Cad atá ag barr an tsléibhe anois?

| | |
|---|---|
| Bróga agus stocaí | |
| Séipéal beag | |
| Ionad cuairteoirí | |

**5.** Cad atá ag déanamh damáiste do Chruach Phádraig?

| | |
|---|---|
| Líon na gcuairteoirí | |
| Na cosáin | |
| Sneachta | |


**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## Mo Mhamó



Tá mo Mhamó deas cineálta,
Tá sí seachtó bliain d'aois,
Is deir sí linn go minic
Nach mbeidh sí óg arís.

Ní thuigeann mo Mhamó an ríomhaire
Ná "Facebook" ná "Twitter"
Ach tuigeann sí an croí istigh
Is conas d'aghaidh a léamh.



Tá scil faoi leith ag Mamó
nach mbíonn ag daoine de ghnáth:
Éisteann sí go tuisceanach
Le pé rud is mian leat a rá.
Ní cháineann sí faic, ní thógann sí raic
Ach spreagann sí ionainn an grá.

**Ceisteanna**

**1.** Cén aois atá ag Mamó?

| | |
|---|---|
| 17 | |
| 70 | |
| 77 | |

**2.** Cad a deir Mamó linn go minic?

____________________________________________

**3.** Cad a thuigeann Mamó?

| | |
|---|---|
| Facebook | |
| An ríomhaire | |
| An croí istigh | |

**4.** Cad a dhéanann Mamó go tuisceanach?

| | |
|---|---|
| Cáineann sí | |
| Léann sí | |
| Éisteann sí | |

**5.** Cad a spreagann Mamó ionainn?

| | |
|---|---|
| Faic | |
| Grá | |
| Raic | |

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

## CUID II: ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Cén rud a bheidh ar siúl?
Cén áit a mbeidh sé?




Cén lá? Dáta? Am?
Cead isteach?




Sharon Shannon

Cén t-aoi speisialta?




Cá rachaidh an t-airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

## FÓGRA

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair don samhradh in Óstán na Trá, Loch Garman.
Líon isteach **An Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos. **[Nóta:** Is tusa *Séamas Ó Néill.***]**

***Óstán na Trá, Loch Garman***
**Foirm Iarratais do Phost Samhraidh**

Ainm: *Séamas Ó Néill* Uimhir theileafóin: ……………………………..

Seoladh: ……………………………………………………………………………...................

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: ………………………………………………. Dáta Breithe: ………………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ………………………………………………........

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ………………......…………………..………………………..

…………………………..…………………………..……………………………………………………..

An réitíonn tú go maith le daoine? ……...................…………………………………………………

An mbeidh tú sásta a bheith ag obair go luath gach maidin? ……………………………………………..

Cén modh taistil atá agat? ....................................……………………………………………………..

Cén post ba mhaith leat? Cuir tic le ceann amháin (✓): Cócaire ☐ Doirseoir ☐ Freastalaí ☐

Scríobh **alt gearr** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat post samhraidh san óstán seo.

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

___________________________________________________________________________

Síniú: *Séamas Ó Néill* Dáta: ___________________________________

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Féile Cheoil** an samhradh seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin bhFéile Cheoil sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## Féile Cheoil




**NÓ**


**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag siúl le do chara.
Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




... ag rothaíocht ...
... ag tiomáint ...



Timpiste
Thit an páiste




Otharcharr
Leabhar nótaí




San ospidéal
Cos bhriste

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**